Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Aibreán 2024
(OR. en)

9129/1/24
REV 1

LIMITE

FISC 82
ECOFIN 484
ONU 55

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Seasamh thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát atá bailí don chéad seisiún substainteach den Choiste Ad Hoc chun téarmaí tagartha a dhréachtú do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcomhar cánach idirnáisiúnta (Nua-Eabhrac, an 26 Aibreán go dtí an 8 Bealtaine 2024) |

**Seasamh thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát atá bailí don chéad seisiún substainteach den Choiste *Ad Hoc* chun téarmaí tagartha a dhréachtú do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcomhar cánach idirnáisiúnta**

**(Nua-Eabhrac, an 26 Aibreán go dtí an 8 Bealtaine 2024)**

Tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit go láidir i gcónaí leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe atá bunaithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus féachfaidh siad le córas iltaobhach dea-fheidhmiúil athchóirithe a bhaint amach, a mbeidh na Náisiúin Aontaithe ina chroílár agus a bheidh éifeachtach agus a mhaoineofar go hinbhuanaithe[1]. Is mian linn a athdhearbhú go bhfuilimid tiomanta do chuspóirí an chomhair cánach idirnáisiúnta a bheidh cuimsitheach, éifeachtach agus cothrom.

[1] Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 78ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2023 go Meán Fómhair 2024, 11688/23.

Trí leas a bhaint as a bhallraíochtaí agus a láidreachtaí leathana, ba cheart é a bheith d'aidhm ag Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an gComhar Cánach Idirnáisiúnta atá beartaithe idirphlé domhanda a chur chun cinn agus sineirgí beartais a chruthú. Mar aitheantas ar an iarraidh go mbeadh comhar cánach idirnáisiúnta níos cuimsithí agus níos éifeachtaí ann, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an idirphlé idirnáisiúnta ag na Náisiúin Aontaithe i ndáil le Coinbhinsiún a bheidh ann amach anseo tíortha a bhailiú le chéile chun cleachtais éifeachtacha a mhalartú maidir le hacmhainní intíre a shlógadh trí bheartas cánach a cheapadh agus trí shásraí forfheidhmiúcháin a neartú. Leis an iarracht sin, leagtar béim ar an ról ríthábhachtach atá ag na Náisiúin Aontaithe maidir le tacaíocht a thabhairt do Bhallstáit na Náisiún Aontaithe chun acmhainní intíre a shlógadh agus straitéisí forbartha a mhaoiniú, agus iad ag teacht go dlúth leis na mianta a leagtar amach i Rún 78/230 ón gComhthionól Ginearálta.

PUBLIC

Ba cheart comhsheasmhacht leis an obair leanúnach agus leis an gcomhthoil a bhaintear amach i bhfóraim idirnáisiúnta eile a bheith ina treoirphrionsabal d'aon chomhar idirnáisiúnta a bhaineann le cáin a dhéantar sna Náisiúin Aontaithe, arb é is aidhm dó cur leis na láidreachtaí sin agus dul i mbun comhar éifeachtach chun cur chuige iomlánaíoch a áirithiú maidir le dúshláin chánach dhomhanda. Chun bheith éifeachtach agus éifeachtúil, ba cheart don Choinbhinsiún cuidiú go mór sa timpeallacht chánach idirnáisiúnta chun línte oibre neamhréireach iomaíoch a sheachaint. Ba cheart díriú, sa phlé agus sna prótacail luatha a d'fhéadfadh a bheith ann, ar na hábhair is lú conspóid.

Ba cheart anailís theicniúil shubstainteach a bheith mar bhonn taca leis an obair, ar an gcéad dul síos. Áiritheoidh sé sin gur ar fhianaise phraiticiúil a bhunófar aon chinntí sa phróiseas sin, rud a mhéadóidh an dóchúlacht go mbainfear amach na torthaí atá uainn.

Chun an chuimsitheacht agus an éifeachtacht a chur chun cinn, táimid ag tacú le próiseas cinnteoireachta atá bunaithe ar chomhthoil.

Ba cheart don idirphlé idirnáisiúnta ag na Náisiún Aontaithe a áirithiú go mbeidh an Coinbhinsiún a bheidh amach anseo ailínithe leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) agus go gcuideoidh sé lena mbaint amach, rud a chuirfidh cur chuige cothrom inbhuanaithe chun cinn maidir leis an gcomhar cánach idirnáisiúnta. Ba cheart dá bhrí sin an obair a thosú le hanailís chríochnúil ar shaincheisteanna ar féidir leo cuimsitheacht agus éifeachtacht an chomhair cánach idirnáisiúnta a neartú agus ar féidir leo tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach agus acmhainní intíre a shlógadh.

---